

## Na hUimhreacha Pearsanta



### Achoimre Dheich bPointe (Tá fáilte romhat!)

1. Is iad na hUimhreacha Pearsanta na huimhreacha a úsáidtear chun daoine a chomhaireamh.
2. Seo iad na hUimhreacha Pearsanta ó 1-12:

1... Duine amháin	5... Cúigear	9... Naonúr
2... Beirt	6... Seisear	10... Deichniúr
3... Triúr	7... Seachtar	11... Aon duine dhéag
4... Ceathrar	8... Ochtar	12... Dáréag
3. Nuair a thagann ainmfhocal ina dhiaidh na hUimhreacha Pearsanta 2-10, cuirtear an t-ainmfhocal sa Tuiseal Ginideach Iolra.
4. Cuireann "beirt" séimhiú ar an ainmfhocal ina dhiaidh, SEACHAS D, T, nó S.
5. Ní úsáidtear an focal "duine" leis na hUimhreacha Pearsanta.
6. Úsáidtear na bunuimhreacha agus na rialacha a bhaineann leo ón 12 ar aghaidh chun daoine a chomhaireamh. Má chríochnaíonn an t-ainmfhocal ar ghuta, cuirtear séimhiú leis an bhfocal "déag". Mar shampla "trí fhear déag" agus "trí dhuine dhéag".

AGUS SIN É!